Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0295

An Rialachán maidir le Dífhoraoisiú: oibleagáidí áirithe oibreoirí agus trádálaithe

Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 26 Samhain 2025 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1115 a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí áirithe oibreoirí agus trádálaithe (COM(2025)0652 – C10-0263/2025 – 2025/0329(COD))[1]

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 60(4), an ceathrú fomhír.

Leasuithe 39, 66 agus 102

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Tá tionchar suntasach ag oibreoirí iartheachtacha agus trádálaithe nach oibreoirí iartheachtacha ná trádálaithe FBManna iad ar shlabhraí soláthair agus tá ról tábhachtach acu chun a áirithiú go mbeidh na slabhraí soláthair gan dífhoraoisiú. Ba cheart, dá bhrí sin, ceangal a bheith orthu clárú sa chóras faisnéise fós. An tráth céanna, ba cheart do ***gach*** oibreoir iartheachtach nó trádálaí, cibé acu is FBManna iad nó nach ea, leanúint d'inrianaitheacht iomlán a áirithiú trí uimhreacha tagartha na ráiteas maidir le dícheall cuí agus na n-aitheantóirí dearbhúcháin arna sannadh do mhicreatháirgeoirí agus do tháirgeoirí beaga a bhailiú ***agus a chur ar aghaidh***.	(6) Tá tionchar suntasach ag oibreoirí iartheachtacha agus trádálaithe nach oibreoirí iartheachtacha ná trádálaithe FBManna iad ar shlabhraí soláthair agus tá ról tábhachtach acu chun a áirithiú go mbeidh na slabhraí soláthair gan dífhoraoisiú. Ba cheart, dá bhrí sin, ceangal a bheith orthu clárú sa chóras faisnéise fós. An tráth céanna, ba cheart do ***na chéad*** oibreoirí iartheachtacha nó trádálaithe, cibé acu is FBManna iad nó nach ea, leanúint d'inrianaitheacht iomlán a áirithiú trí uimhreacha tagartha na ráiteas maidir le dícheall cuí agus na n-aitheantóirí dearbhúcháin arna sannadh do mhicreatháirgeoirí agus do tháirgeoirí beaga a bhailiú agus a chur ar aghaidh. ***Níor cheart go mbeadh feidhm ag an oibleagáid sin uimhreacha tagartha a bhailiú agus a choinneáil ach amháin maidir leis an gcéad oibreoir iartheachtach agus níor cheart go mbeadh feidhm aici maidir le gach oibreoir iartheachtach eile níos faide síos sa slabhra soláthair.***

Leasuithe 40, 67 agus 103

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Na hoibreoirí uile, gan beann ar a méid, a chuireann táirgí ábhartha ar an margadh nó a onnmhairíonn iad, tagann siad faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1115. Cuireann sé sin ualach riaracháin ar mhicreatháirgeoirí agus ar tháirgeoirí beaga a chuireann a dtáirgí féin ar an margadh nó a onnmhairíonn a dtáirgí féin. Chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a bhaineann le micrea-oibreoirí agus oibreoirí beaga a tháirgeann a dtáirgí féin agus a chuireann a dtáirgí féin ar an margadh agus chun ualach an chórais faisnéise a laghdú tuilleadh, is gá fochatagóir nua d'oibreoirí a thabhairt isteach nár cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid ráiteas maidir le dícheall cuí a chur isteach i ndáil leo. Ba cheart a chumhdach leis an bhfochatagóir nua sin, ar a dtugtar 'micrea-oibreoirí príomhúla agus oibreoirí príomhúla beaga', daoine nádúrtha nó micrifhiontair nó fiontair bheaga atá bunaithe i dtír a aicmítear mar thír ísealriosca i gcomhréir le hAirteagal 29 den Rialachán seo a chuireann táirgí ábhartha ar an margadh nó a onnmhairíonn iad, ar táirgí iad a tháirgeann siad féin, rud a chiallaíonn go bhfásann siad, go lománaíonn siad na tráchtearraí ábhartha atá sna táirgí ábhartha féin nó go dtógann siad iad nó go bhfaigheann siad uatha iad. Ba cheart d'oibreoirí atá bunaithe laistigh agus lasmuigh den Aontas araon a chumhdach leis an sainmhíniú ar mhicrea-oibreoir agus ar oibreoir príomhúil beag.	(7) Na hoibreoirí uile, gan beann ar a méid, a chuireann táirgí ábhartha ar an margadh nó a onnmhairíonn iad, tagann siad faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1115. Cuireann sé sin ualach riaracháin ar mhicreatháirgeoirí agus ar tháirgeoirí beaga a chuireann a dtáirgí féin ar an margadh nó a onnmhairíonn a dtáirgí féin. Chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a bhaineann le micrea-oibreoirí agus oibreoirí beaga a tháirgeann a dtáirgí féin agus a chuireann a dtáirgí féin ar an margadh agus chun ualach an chórais faisnéise a laghdú tuilleadh, is gá fochatagóir nua d'oibreoirí a thabhairt isteach nár cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid ráiteas maidir le dícheall cuí a chur isteach i ndáil leo. Ba cheart a chumhdach leis an bhfochatagóir nua sin, ar a dtugtar 'micrea-oibreoirí príomhúla agus oibreoirí príomhúla beaga', daoine nádúrtha nó micrifhiontair nó fiontair bheaga atá bunaithe i dtír a aicmítear mar thír ísealriosca i gcomhréir le hAirteagal 29 den Rialachán seo a chuireann táirgí ábhartha ar an margadh nó a onnmhairíonn iad, ar táirgí iad a tháirgeann siad féin ***sa tír féin***, rud a chiallaíonn go bhfásann siad, go lománaíonn siad na tráchtearraí ábhartha atá sna táirgí ábhartha féin nó go dtógann siad iad nó go bhfaigheann siad uatha iad. Ba cheart d'oibreoirí atá bunaithe laistigh agus lasmuigh den Aontas araon a chumhdach leis an sainmhíniú ar mhicrea-oibreoir

agus ar oibreoir príomhúil beag.

Leasuithe 41 agus 68

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8a) Thairis sin, mar chuid de na hiarrachtaí simpliúcháin, ba cheart an t-ualach riaracháin a eascraíonn as na hoibleagáidí atá ar mhicrifhiontair agus ar phríomhoibreoirí beaga dearbhú simplithe aonuaire a chur isteach faoi Airteagal 4a agus faisnéis a bhailiú faoi Airteagal 9(1) a laghdú trína cheadú dóibh seoladh poist na ndáileachtaí talún nó na bunaíochta ónar táirgeadh na tráchtearraí ábhartha atá sa táirge ábhartha, nó a ndearnadh an táirge trí úsáid a bhaint na tráchtearraí sin, a chur in ionad gheoshuíomh na ndáileachtaí talún, ar choinníoll go gcomhfhreagraíonn an seoladh poist go soiléir do shuíomh geografach na ndáileachtaí nó na bunaíochta lena mbaineann. Tugann sé sin saor-rogha do mhicrea-oibreoirí agus d'oibreoirí príomhúla beaga geoshuíomh na ndáileachtaí talún nó seoladh poist na ndáileachtaí talún nó na bunaíochta faoi seach a sholáthar.

Leasú 105

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Chun soiléireacht dhlíthiúil a sholáthar gur féidir le gach micreaghnóthas agus gnóthas beag agus meánmhéide, gan beann ar a bhfoirm dhlíthiúil, tairbhe a bhaint as na forálacha simplithe le haghaidh micreafhiontar, fiontair bheaga agus mheánmhéide i Rialachán (AE) 2023/1115, ba cheart an sainmhíniú ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide' a leasú chun a shoiléiriú nár cheart an fhoirm dhlíthiúil a bheith ábhartha maidir le cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann duine nádúrtha nó dlítheanach an sainmhíniú. Ba cheart an rud céanna a shoiléiriú i gcás micrea-oibreoirí príomhúla agus oibreoirí príomhúla beaga.	(11) Chun soiléireacht dhlíthiúil a sholáthar gur féidir le gach micreaghnóthas agus gnóthas beag agus meánmhéide, gan beann ar a bhfoirm dhlíthiúil, tairbhe a bhaint as na forálacha simplithe le haghaidh micreafhiontar, fiontair bheaga agus mheánmhéide i Rialachán (AE) 2023/1115, ba cheart an sainmhíniú ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide' a leasú chun a shoiléiriú nár cheart an fhoirm dhlíthiúil a bheith ábhartha maidir le cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann duine nádúrtha nó dlítheanach an sainmhíniú. Ba cheart an rud céanna a shoiléiriú i gcás micrea-oibreoirí príomhúla agus oibreoirí príomhúla beaga. ***Sa bhreis air sin, ba cheart go n-áireofaí sa sainmhíniú ar mhicrea-oibreoirí agus ar oibreoirí príomhúla beaga leis sin oibreoirí a sháraíonn teorainneacha dhá cheann ar a laghad de na trí chritéar a leagtar amach in Airteagal 3(1) agus (2), an chéad fhomhír, de Threoir 2013/34/AE ach ar féidir leo a léiriú nach ndéanann na codanna d'iomlán a gcláir chomhardaithe, glanláimhdeachas agus meánlíon fostaithe le linn na bliana airgeadais a bhaineann lena ngníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an Rialachán seo teorainneacha dhá cheann ar a laghad de thrí cinn de na critéir sin a shárú;***

Leasú 106

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12a)Roimh athbhreithniú ginearálta Rialachán (AE) 2023/1115 atá le déanamh faoin 30 Meitheamh 2030, ar mhaithe le simpliú d'oibreoirí agus do thrádálaithe, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú simplithe a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2023/1115 agus ba cheart dó tuarascáil a thíolacadh faoin 30 Aibreán 2026. Ba cheart meastóireacht a dhéanamh sa tuarascáil ar an ualach riaracháin agus ar thionchar an Rialacháin sin, go háirithe ar mhicrea-oibreoirí agus ar oibreoirí beaga i dtíortha ísealriosca. Thairis sin, sa tuarascáil, ba cheart don Choimisiún bealaí féideartha a léiriú chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sainaitheanta, lena n-áirítear trí threoirlínte teicniúla, trí fheabhsuithe ar an gcóras TF, trí ghníomhartha tarmligthe nó trí ghníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis na cumhachtaí tarmligthe dá bhforáiltear sa Rialachán agus, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a chur leis an tuarascáil.

Leasú 107

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12b) Ba cheart dáta chur i bhfeidhm fhorálacha Rialachán (AE) 2023/1115 lena leagtar síos oibleagáidí ar oibreoirí, trádálaithe agus údaráis inniúla, a liostaítear in Airteagal 38(2) den Rialachán sin, a chur siar 12 mhí. Tá gá leis sin chun go mbeidh tríú tíortha, na Ballstáit, oibreoirí agus trádálaithe in ann a bheith ullmhaithe go hiomlán, lena n-áirítear, chun a fhágáil gur féidir leis na hoibreoirí agus trádálaithe sin na córais díchill chuí is gá a bhunú lena gcumhdófaí na tráchtearraí agus táirgí ábhartha uile, ionas go mbeidh siad in ann a n-oibleagáidí a chomhlíonadh go hiomlán.

Leasú 108

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Chun am leordhóthanach a thabhairt d'oibreoirí ar micreaghnóthais nó gnóthais bheaga iad de réir bhrí Airteagal 3(1) nó (2), an chéad fhomhír, de Threoir 2013/34/AE chun na leasuithe atá beartaithe a chur chun feidhme, ba cheart dátaí comhfhreagracha chur i bhfeidhm fhorálacha Rialachán (AE) 2023/1115 lena leagtar síos oibleagáidí ar oibreoirí, ar thrádálaithe agus ar údaráis inniúla, a liostaítear in Airteagal 38(2) den	***scriosta***

Rialachán sin, a shocrú ag an 30 Nollaig 2026 le haghaidh micrea-oibreoirí agus oibreoirí beaga.

Leasuithe 72 agus 110

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Má bhíonn údarás inniúil feasach ar neamhchomhlíonadh Rialachán (AE) 2023/1115, nó má chuirtear ar an eolas é faoi, roimh theacht i bhfeidhm Airteagail 16 go 19, Airteagal 22 agus Airteagal 24, féadfaidh sé rabhaidh a eisiúint d'oibreoirí, d'oibreoirí iartheachtacha agus do thrádálaithe, agus moltaí maidir le conas comhlíontacht a bhaint amach ag gabháil leo.	***scriosta***

Leasú 111

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) I bhfianaise gur cuireadh siar ***an dáta óna mbeidh sé de cheangal ar mhicrea-oibreoirí agus oibreoirí beaga Rialachán (AE) 2023/1115 a chomhlíonadh,*** na dátaí i bhforálacha gaolmhara eile, is é sin aisghairm Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ***na forálacha idirthréimhseacha*** agus na forálacha maidir le cur i	(16) ***I bhfianaise go ndearnadh an dáta cur i bhfeidhm a leagtar amach in Airteagal 38(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2023/1115 a chur siar 12 mhí,*** maidir leis na dátaí atá i bhforálacha gaolmhara eile, eadhon aisghairm Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, na forálacha maidir le cur i bhfeidhm

bhfeidhm iarchurtha Rialachán (AE) 2023/1115 i ndáil le micreaghnóthais nó gnóthais bheaga, ba cheart iad a choigeartú dá réir. Chun dóthain ama a sholáthar chun forbairtí teicniúla an chomhéadain leictreonaigh a ailíniú bunaithe ar Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam, ba cheart an dáta faoina mbeidh an comhéadan leictreonach i bhfeidhm a choigeartú dá réir.

iarchurtha Rialachán (AE) 2023/1115 i leith daoine nádúrtha, micreaghnóthais nó gnóthais bheaga, ba cheart iad a choigeartú dá réir. Chun dóthain ama a sholáthar chun forbairtí teicniúla an chomhéadain leictreonaigh a ailíniú bunaithe ar Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam, ba cheart an dáta faoina mbeidh an comhéadan leictreonach i bhfeidhm a choigeartú dá réir.

Leasú 112

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(20) I bhfianaise a phráinní atá sé simplithe spriocdhírithe a ghlacadh mar aon le moill a chur ar theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/1115, measfar gurb iomchuí go n-agrófaí an eisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

Leasú 113

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – pointe 1 – pointe b
Rialachán (AE) 2023/1115
Airteagal 2 – pointe 15a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15a) ciallaíonn ‘micrea-oibreoir príomhúil agus oibreoir príomhúil beag’ oibreoir ar duine nádúrtha nó micreaghnóthas nó gnóthas beag é, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) agus (2), an chéad fhomhír, de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, gan beann ar a fhoirm dhlíthiúil, atá bunaithe i dtír a aicmítear mar thír ísealriosca i gcomhréir le hAirteagal 29 den Rialachán seo, agus a dhéanann, le linn gníomhaíocht tráchtála, táirgí ábhartha a chur ar an margadh nó a onnmhairiú, ar táirgí iad a d’fhás, a lománaigh nó a thóg an t-oibreoir sin féin ar dháileachtaí ábhartha talún nó bunaíochtaí i gcás eallaí, nó a fhuair an t-oibreoir sin féin orthu;	(15a) ciallaíonn ‘micrea-oibreoir príomhúil agus oibreoir príomhúil beag’ oibreoir ar duine nádúrtha nó micreaghnóthas nó gnóthas beag é, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) agus (2), an chéad fhomhír, de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, gan beann ar a fhoirm dhlíthiúil, atá bunaithe i dtír a aicmítear mar thír ísealriosca i gcomhréir le hAirteagal 29 den Rialachán seo, agus a dhéanann, le linn gníomhaíocht tráchtála, táirgí ábhartha a chur ar an margadh nó a onnmhairiú, ar táirgí iad a d’fhás, a lománaigh nó a fuair an t-oibreoir nó a thóg an t-oibreoir sin féin ar dháileachtaí ábhartha talún, nó i gcás eallach, ar bhunaíochtai, ***atá lonnaithe sa tír sin; áirítear leis sin oibreoirí a sháraíonn teorainneacha dhá cheann ar a laghad de na trí chritéar a leagtar amach in Airteagal 3(1) agus (2), an chéad fhomhír, de Threoir 2013/34/AE ach ar féidir leo a léiriú nach ndéanann na codanna d’iomlán a gcláir chomhardaithe, glanláimhdeachas agus meánlíon fostaithe le linn na bliana airgeadais a bhaineann lena ngníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an Rialachán seo teorainneacha dhá cheann ar a laghad de thrí cinn de na critéir sin a shárú;***

Leasuithe 74 agus 114

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – pointe 5

Rialachán (AE) 2023/1115
Airteagal 4 a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 4(2***), (3) agus (4),*** pointe (c) maidir le micrea-oibreoirí príomhúla agus oibreoirí príomhúla beaga.	1. Ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 4(2), ***an dara habairt d'Airteagal 4(3) agus Airteagal 4(4)***, pointe (c) i leith micrea-oibreoirí príomhúla agus oibreoirí príomhúla beaga.

Leasuithe 75 agus 115

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2023/1115
Airteagal 4 a – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Cuirfidh micrea-oibreoirí príomhúla agus oibreoirí príomhúla beaga dearbhú simplithe aonuaire isteach sa chóras faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 33 sula gcuirfidh siad táirgí ábhartha ar an margadh nó sula n-onnmhaireoidh siad iad. They shall be assigned a declaration identifier after submitting their simplified.	2. Déanfaidh micrea-oibreoirí príomhúla agus oibreoirí príomhúla beaga dearbhú simplithe aonuaire a thíolacadh sa chóras faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 33 sula gcuirfidh siad táirgí ábhartha ar an margadh nó sula n-onnmhaireoidh siad iad. Sannfar aitheantóir dearbhúcháin dóibh tar éis dóibh a ndearbhú simplithe ***aonuaire*** a thíolacadh.

Leasú 116

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2023/1115
Airteagal 4 a – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Soláthróidh micrea-oibreoirí príomhúla agus oibreoirí	3. Soláthróidh micrea-oibreoirí príomhúla agus oibreoirí

príomhúla beaga an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn III agus an dearbhú simplithe á chur isteach acu sa chóras faisnéise. ***Tabharfaidh*** siad an fhaisnéis atá ina ndearbhú simplithe cothrom le dáta tar éis aon athrú ar an bhfaisnéis a chuir siad ar fáil.

príomhúla beaga an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn III agus an dearbhú simplithe á thíolacadh acu sa chóras faisnéise. ***Féadfaidh*** siad an fhaisnéis atá ina ndearbhú simplithe a thabhairt cothrom le dáta tar éis aon ***mhórathrú*** ar an bhfaisnéis a chuir siad ar fáil.

Leasuithe 77 agus 117

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2023/1115
Airteagal 4 a – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. I gcás ina bhfuil an fhaisnéis uile a liostaítear in Iarscríbhinn III ar fáil i gcóras nó i mbunachar sonraí atá ann faoi reachtaíocht an Aontais nó faoi reachtaíocht na mBallstát, seachas an córas faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 33, ní cheanglófar ar mhicreaoibreoirí ná ar oibreoirí príomhúla beaga dearbhú simplithe a chur isteach i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis sin ar fáil in aghaidh an oibreora sa chóras faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 33. Ní chuirfidh an micrea-oibreoir ná an t-oibreoir príomhúil beag na táirgí ábhartha ar mhargadh an Aontais ná ní onnmhaireoidh sé iad ach amháin tar éis aitheantóir dearbhúcháin a bheith sannta dó.	4. I gcás ina bhfuil an fhaisnéis uile a liostaítear in Iarscríbhinn III ar fáil i gcóras nó i mbunachar sonraí atá ann faoi reachtaíocht an Aontais nó faoi reachtaíocht na mBallstát, seachas an córas faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 33, ní cheanglófar ar mhicre-aoibreoirí ná ar oibreoirí príomhúla beaga dearbhú simplithe ***aonuaire*** a thíolacadh i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis sin ar fáil in aghaidh an oibreora sa chóras faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 33. Ní chuirfidh an micrea-oibreoir ná an t-oibreoir príomhúil beag na táirgí ábhartha ar mhargadh an Aontais ná ní onnmhaireoidh sé iad ach amháin tar éis aitheantóir dearbhúcháin a bheith sannta dó.

Leasuithe 78 agus 118

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – pointe 5

Rialachán (AE) 2023/1115
Airteagal 4 a – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. I gcás micrea-oibreoirí príomhúla agus oibreoirí príomhúla beaga, féadfar seoladh poist na ***ndáileachtaí uile*** inar táirgeadh na tráchtearraí ábhartha atá sa táirge ábhartha, nó lena ndearnadh é, a chur in ionad an gheoshuímh dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (d).’;	5. I gcás micrea-oibreoirí príomhúla agus oibreoirí príomhúla beaga, féadfar ***seoladh poist*** na ***ndáileachtaí uile*** inar táirgeadh na tráchtearraí ábhartha atá sa táirge ábhartha ***nó seoladh poist na bunaíochta ina ndearnadh iad***, a chur in ionad an gheoshuímh dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (d).’;

Leasuithe 79 agus 119

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – pointe 6
Rialachán (AE) 2023/1115
Airteagal 5 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ní dhéanfaidh oibreoirí iartheachtacha ná trádálaithe táirgí ábhartha a chur ar fáil ar an margadh ach amháin má tá an fhaisnéis a cheanglaítear faoi mhír 3 ina seilbh acu.	1. Ní dhéanfaidh oibreoirí iartheachtacha ná trádálaithe táirgí ábhartha ***a chur ar fáil*** ar an margadh ***ná a onnmhairiú*** ach amháin má tá an fhaisnéis a cheanglaítear faoi mhír 3 ina seilbh acu.;

Leasuithe 50, 80 agus 120

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – pointe 6
Rialachán (AE) 2023/1115
Airteagal 5 – mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ainm, trádainm cláraithe nó	(a) ainm, trádainm cláraithe nó

trádmharc cláraithe, seoladh poist, seoladh ríomhphoist agus, má tá sé ar fáil, seoladh gréasáin na n-oibreoirí, na n-oibreoirí iartheachtacha nó na dtrádálaithe a sholáthair na táirgí ábhartha dóibh, chomh maith le huimhreacha tagartha na ráiteas maidir le dícheall cuí nó na haitheantóirí dearbhúcháin a bhaineann leis na táirgí sin;	trádmharc cláraithe, seoladh poist, seoladh ríomhphoist agus, má tá sé ar fáil, seoladh gréasáin na n-oibreoirí, na n-oibreoirí iartheachtacha nó na dtrádálaithe a sholáthair na táirgí ábhartha dóibh, chomh maith le huimhreacha tagartha na ráiteas maidir le dícheall cuí nó na haitheantóirí dearbhúcháin a bhaineann leis na táirgí sin ***i gcás inar oibreoir é an soláthróir agus sa chás sin amháin***;

Leasuithe 34, 49, 81 agus 121
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – pointe 6
Rialachán (AE) 2023/1115
Airteagal 5 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Cuirfidh oibreoirí iartheachtacha agus trádálaithe na hoibreoirí iartheachtacha agus trádálaithe ar sholáthair siad táirgí ábhartha dóibh, ar an eolas faoi uimhreacha tagartha na ráiteas maidir le dícheall cuí nó na n-aitheantóirí dearbhúcháin a bhaineann leis na táirgí ábhartha sin.	***scriosta***

Leasuithe 82 agus 122

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – pointe 16 – pointe a
Rialachán (AE) 2023/1115
Airteagal 26 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Déanfar uimhir thagartha an ráitis maidir le dícheall cuí nó an t-aitheantóir dearbhúcháin i gcás micrea-oibreoirí príomhúla agus oibreoirí príomhúla beaga a chur ar fáil do na húdaráis chustaim sula ndéanfar táirge ábhartha a thugtar isteach sa mhargadh nó a chuirtear amach as a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó sula n-onnmhaireofar é. Chun na críche sin, seachas i gcás ina ndéanfar an ráiteas maidir le dícheall cuí a chur ar fáil tríd an gcomhéadan leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 28(2), déanfaidh an duine a thaisceann an dearbhú custaim maidir le táirge ábhartha a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a onnmhairiú uimhir thagartha an ráitis díchill chuí nó an t-aitheantóir dearbhúcháin i gcás micrea-oibreoirí príomhúla agus oibreoirí príomhúla beaga a shanntar don táirge ábhartha sin a chur ar fáil d'údaráis chustaim.	4. Déanfar uimhir thagartha an ráitis maidir le dícheall cuí nó an t-aitheantóir dearbhúcháin i gcás micrea-oibreoirí príomhúla agus oibreoirí príomhúla beaga a chur ar fáil do na húdaráis chustaim sula ndéanfar táirge ábhartha a thugtar isteach sa mhargadh nó a chuirtear amach as a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó sula n-onnmhaireofar é. Chun na críche sin, seachas i gcás ina ndéanfar an ráiteas maidir le dícheall cuí a chur ar fáil tríd an gcomhéadan leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 28(2), déanfaidh an duine a thaisceann an dearbhú custaim maidir le táirge ábhartha a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a onnmhairiú uimhir thagartha an ráitis díchill chuí nó an t-aitheantóir dearbhúcháin i gcás micrea-oibreoirí príomhúla agus oibreoirí príomhúla beaga a shanntar don táirge ábhartha sin a chur ar fáil d'údaráis chustaim. ***Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le honnmhairiú táirge ábhartha ag oibreoir iartheachtach.***

Leasuithe 62 agus 123

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – pointe 21
Rialachán (AE) 2023/1115
Airteagal 34 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Faoin 30 Aibreán 2026, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú simplithe ar an Rialachán seo agus ar an

	mbonn sin, cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena ngabhfaidh, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach.

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – pointe 21
Rialachán (AE) 2023/1115
Airteagal 34 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Bunóidh an Coimisiún buanghrúpa geallsealbhóirí agus áiritheoidh sé malartú leanúnach le saineolaithe, geallsealbhóirí agus oibreoirí chun dea-chleachtais a fhorbairt agus aiseolas teicniúil a bhailiú tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin.

Leasuithe 55 agus 124

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – pointe 22
Rialachán (AE) 2023/1115
Airteagal 37 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 le héifeacht ón ***30 Nollaig 2025***.	1. Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 le héifeacht ón ***30 Nollaig 2026***.

Leasú 126Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – pointe 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Leanfaidh Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 d'fheidhm a bheith aige:	***scriosta***
(a) go dtí an 30 Nollaig 2026 maidir le hadhmad agus táirgí adhmaid mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 arna gcur ar an margadh ag micrea-oibreoirí príomhúla agus oibreoirí príomhúla beaga nó ag oibreoirí a bunaíodh faoin 31 Nollaig 2024 mar mhicreaghnóthais nó mar ghnóthais bheaga, de réir bhrí Airteagal 3(1) nó (2), an chéad fhomhír, de Threoir 2013/34/AE, gan beann ar a bhfoirm dhlíthiúil;	
(b) go dtí an 31 Nollaig 2028 maidir le hadhmad agus táirgí adhmaid mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 arna dtáirgeadh roimh an 29 Meitheamh 2023 agus arna gcur ar an margadh ón 30 Nollaig 2026 ag micrea-oibreoirí príomhúla agus oibreoirí príomhúla beaga nó ag oibreoirí a bunaíodh faoin 31 Nollaig 2024 mar mhicreaghnóthais nó mar ghnóthais bheaga, de réir bhrí Airteagal 3(1) nó (2), an chéad fhomhír, de Threoir 2013/34/AE, gan beann ar a bhfoirm dhlíthiúil;	
(c) go dtí an 31 Nollaig 2028 maidir le hadhmad agus le táirgí adhmaid mar a	

shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 a táirgeadh roimh an 29 Meitheamh 2023 agus a cuireadh ar an margadh ón 30 Nollaig 2025 nó tar éis an dáta sin.

Leasú 125

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – pointe 22
Rialachán (AE) 2023/1115
Airteagal 37 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Mar sin féin, leanfaidh Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 d'fheidhm a bheith aige go dtí an 31 Nollaig 2029 maidir le hadhmad agus táirgí adhmaid mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 a táirgeadh roimh an 29 Meitheamh 2023 agus a chuirtear ar an margadh ón 30 Nollaig 2026.

Leasú 127

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – pointe 22
Rialachán (AE) 2023/1115
Airteagal 37 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. De mhaolú ar Airteagal 1(2) den Rialachán seo, leis an adhmad agus na táirgí adhmaid mar a shainmhínítear in	3. De mhaolú ar Airteagal 1(2) den Rialachán seo, leis an adhmad agus na táirgí adhmaid mar a shainmhínítear in

Airteagal 2, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 995/2010, a táirgeadh roimh an 29 Meitheamh 2023 agus a cuireadh ar an margadh ón 31 Nollaig ***2028***, déanfar Airteagal 3 den Rialachán seo a chomhlíonadh.’;	Airteagal 2, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 995/2010, a táirgeadh roimh an 29 Meitheamh 2023 agus a cuireadh ar an margadh ón 31 Nollaig ***2029***, déanfar Airteagal 3 den Rialachán seo a chomhlíonadh.’;

Leasuithe 63 agus 128

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – pointe 23
Rialachán (AE) 2023/1115
Airteagal 38 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Beidh feidhm ag Airteagail 3 go 13, Airteagail ***20, 21, 23***, 26, 31 agus 32 ón ***30 Nollaig 2025***.	2. ***Faoi réir mhír 3 den Airteagal seo,*** beidh feidhm ag Airteagail 3 go 13***,*** Airteagail ***16 go 24 agus Airteagail*** 26, 31 agus 32 ón ***30 Nollaig 2026***.

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – pointe 23
Rialachán (AE) 2023/1115
Airteagal 38 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Cuirfidh na húdaráis inniúla in iúl don Choimisiún aon deacrachtaí, earráidí nó cur isteach doiciméadaithe a eascraíonn as córais faisnéise an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 33, chun a áirithiú nach mbeidh oibreoirí agus trádálaithe atá faoi réir na tréimhse cairde faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar

	na fadhbanna sin.

Leasuithe 64 agus 129
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 23
Rialachán (AE) 2023/1115
Airteagal 38 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. I gcás oibreoirí ***a bunaíodh faoin 31 Nollaig 2024 mar mhicreaghnóthais nó mar*** ghnóthais ***bheaga de réir bhrí*** Airteagal 3(1) nó (2), ***an chéad fhomhír,*** de Threoir 2013/34/AE, ***gan beann ar a bhfoirm dhlíthiúil,*** beidh feidhm ag na hAirteagail dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo ón ***30 Nollaig 2026***.	3. ***Seachas a mhéid a bhaineann leis na táirgí a chumhdaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 995/2010***, i gcás oibreoirí, ***cibé acu daoine nádúrtha nó*** micreaghnóthais nó gnóthais ***bheaga mar a shainmhínítear in*** Airteagal 3(1) nó (2) de Threoir 2013/34/AE, ***a bunaíodh amhlaidh faoin 31 Nollaig 2024***, beidh feidhm ag na hAirteagail dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo ón ***30 Meitheamh 2027***.

Leasuithe 27, 89 agus 130

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – pointe 23
Rialachán (AE) 2023/1115
Airteagal 38 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. I gcás micrea-oibreoirí príomhúla agus oibreoirí príomhúla beaga, beidh feidhm ag na hAirteagail dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo ón 30 Nollaig 2026.	***scriosta***

Leasuithe 28, 90 agus 131

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – pointe 23
Rialachán (AE) 2023/1115
Airteagal 38 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Beidh feidhm ag Airteagail 16 go 19, Airteagail 22 agus 24 ón 30 Meitheamh 2026 maidir le bearta a bhaineann le hoibreoirí, le hoibreoirí iartheachtacha agus le trádálaithe, agus ón 30 Nollaig 2026 maidir le hoibreoirí dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4. Má bhíonn údarás inniúil feasach ar neamhchomhlíonadh Rialachán (AE) 2023/1115, nó má chuirtear ar an eolas é faoi, roimh theacht i bhfeidhm Airteagail 16 go 19, Airteagal 22 agus Airteagal 24, féadfaidh sé rabhaidh a eisiúint d'oibreoirí, d'oibreoirí iartheachtacha agus do thrádálaithe, agus moltaí maidir le conas comhlíontacht a bhaint amach ag gabháil leo.'	***scriosta***

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – pointe 23
Rialachán (AE) 2023/1115
Airteagal 38 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5a. Cuirfidh údaráis inniúla faisnéis ábhartha san áireamh, lena n-áirítear gearáin,

	tuarascálacha, agus ábhair imní a bhfuil bunús leo, agus tabharfaidh siad aird chuí, i rith na tréimhse roimh na dátaí dá dtagraítear in Airteagal 38, ar chumarsáid ón gCoimisiún maidir le fadhbanna a bhaineann le TF nó earráidí neamhbheartaithe a eascraíonn astu, chun críocha smachtbhannaí riaracháin ar oibreoirí a chumhdaítear le hAirteagal 38 a sheachaint gan dochar d'Airteagal 25.

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 23a (nua)
Rialachán (AE) 2023/1115
Iarscríbhinn I

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23a)in Iarscríbhinn I, scriostar táirgí ex 49;

Leasuithe 60, 91 agus 132

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II
Rialachán (AE) 2023/1115
Iarscríbhinn III – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
An fhaisnéis atá le bheith i ndearbhú simplithe micrea-oibreoirí príomhúla agus oibreoirí príomhúla beaga i gcomhréir le hAirteagal 4a(3):	An fhaisnéis atá le bheith i ndearbhú simplithe ***aonuaire*** micrea-oibreoirí príomhúla agus oibreoirí príomhúla beaga i gcomhréir le hAirteagal 4a(3):

Leasuithe 92 agus 133

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II
Rialachán (AE) 2023/1115
Iarscríbhinn III – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Cód Córais Chomhchuibhithe na dtáirgí ábhartha agus tuairisc saorthéacs orthu, lena n-áirítear ainm trádála, agus cainníocht bhliantúil na dtáirgí ábhartha atá beartaithe a chur ar an margadh nó a onnmhairiú, arna sloinneadh i nglanmhais lena sonraítear meastachán nó diall céatadáin nó, i gcás inarb infheidhme, méid nó líon na n-ítimí. Maidir le táirgí ábhartha a thugtar isteach sa mhargadh nó a chuirtear amach as, ní mór an chainníocht a shloinneadh i gcileagraim de ghlanmhais agus, i gcás inarb infheidhme, san aonad forlíontach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 in aghaidh an chóid Córais Chomhchuibhithe atá léirithe freisin nó, i ngach cás eile, ní mór í a shloinneadh i nglanmhais lena sonrófar meastachán nó diall céatadáin nó, i gcás inarb infheidhme, méid nó líon na n-ítimí. Beidh feidhm ag aonad forlíontach i gcás ina saineofar go comhsheasmhach é le haghaidh gach fo-cheannteidil a d'fhéadfadh a bheith ann faoin gcód Córais Chomhchuibhithe dá dtagraítear sa ráiteas maidir le dícheall cuí.	2. Cód Córais Chomhchuibhithe na dtáirgí ábhartha agus tuairisc saorthéacs orthu, lena n-áirítear ainm trádála, agus cainníocht bhliantúil ***aonuaire mheasta*** na dtáirgí ábhartha atá beartaithe a chur ar an margadh nó a onnmhairiú, arna sloinneadh i nglanmhais lena sonraítear meastachán nó diall céatadáin nó, i gcás inarb infheidhme, méid nó líon na n-ítimí. Maidir le táirgí ábhartha a thugtar isteach sa mhargadh nó a chuirtear amach as, ní mór an chainníocht ***mheasta*** a shloinneadh i gcileagraim de ghlanmhais agus, i gcás inarb infheidhme, san aonad forlíontach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 in aghaidh an chóid Córais Chomhchuibhithe atá léirithe freisin nó, i ngach cás eile, ní mór í a shloinneadh i nglanmhais lena sonrófar meastachán nó diall céatadáin nó, i gcás inarb infheidhme, méid nó líon na n-ítimí. Beidh feidhm ag aonad forlíontach i gcás ina saineofar go comhsheasmhach é le haghaidh gach fo-cheannteidil a d'fhéadfadh a bheith ann faoin gcód Córais Chomhchuibhithe dá dtagraítear sa ráiteas maidir le dícheall cuí.

Leasuithe 93 agus 134

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II
Rialachán (AE) 2023/1115
Iarscríbhinn III – pointe 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Tír tháirgthe agus seoladh poist nó geoshuíomh gach dáileachta talún ar a dtáirgeann an micrea-oibreoir príomhúil agus an t-oibreoir príomhúil beag tráchtearraí ábhartha. I gcás táirgí ábhartha ina bhfuil eallach nó a dhéantar agus úsáid á baint as eallach, agus i gcás na dtáirgí ábhartha sin arna gcothú le táirgí ábhartha, tagróidh an seoladh poist nó an geoshuíomh do gach bunaíocht ina gcoimeádtar an t-eallach. I gcás ina dtáirgtear na táirgí ábhartha ar dháileachtaí talún éagsúla, áireofar seoladh poist nó geoshuíomh gach dáileachta talún i gcomhréir le hAirteagal 9(1), pointe (d).	3. Tír tháirgthe agus seoladh poist nó geoshuíomh gach dáileachta talún ***nó seoladh poist na bunaíochta nó gach dáileacht talún*** ar a dtáirgeann an micrea-oibreoir príomhúil agus an t-oibreoir príomhúil beag tráchtearraí ábhartha. I gcás táirgí ábhartha ina bhfuil eallach nó a dhéantar agus úsáid á baint as eallach, agus i gcás na dtáirgí ábhartha sin arna gcothú le táirgí ábhartha, tagróidh an seoladh poist nó an geoshuíomh do gach bunaíocht ina gcoimeádtar an t-eallach. I gcás ina dtáirgtear na táirgí ábhartha ar dháileachtaí talún éagsúla, áireofar seoladh poist nó geoshuíomh gach dáileachta talún i gcomhréir le hAirteagal 9(1), pointe (d).